

TABHAIR DO D'AIRE

- Ní mór an fhoirm seo a úsáid ach amháin chun aisíocaíocht na Cánach Carbóin ar Ghás Nádúrtha (CCGN) a íocadh ar ghás nádúrtha a soláthraíodh ón 1 Aibreán 2024 a éileamh, agus a úsáid chun críocha cáilitheacha, i
 - táirgeadh táirgí gairneoireachta i dteach gloine amháin nó níos mó nach lú ná an ceathrú cuid d'acra (1,011 méadar cearnach), agus / nó
 - saothrú muisiriún i bhfoirgneamh amháin nó níos mó nó i struchtúr amháin d'achar iomlán nach lú ná 3,000 troigh cearnach (278 méadar cearnach).
- Ní mór go gclúdódh na héilimh míonna féilire iomlána suas go dtí sé mhí ar a mhéad. Ba cheart éilimh a chur isteach laistigh de shé mhí féilire ón tréimhse a ndéantar an t-éileamh ina leith.
- Cuir isteach an Eircode don láithreán a soláthraítear gás nádúrtha dó chun críocha cáilitheacha.
- Is féidir cainníocht iomlán an gháis nádúrtha, in cileavatuair (KWh), a fháil ar do bhille(i) gáis nádúrtha.
- D'fhéadfadh nach mbeadh tréimhsí billeála díreach mar a chéile le tréimhsí éilimh aisíocaíochta mhí féilire. Mar shampla, clúdaíonn bille gáis nádúrtha le haghaidh soláthairtí ón 9 Márta go dtí an 8 Bealtaine 60 lá thar 3 mhí. Chun éileamh ar mhí Aibreáin a chomhlánú, ba cheart do na héilitheoirí an meánsoláthar laethúil a chinneadh trí an gcainníocht iomlán a sholáthraítear sa tréimhse bhilleála a roinnt ar 60. Méadaítear an meánsoláthar laethúil ansin faoi 30, líon na laethanta i mí Aibreáin, chun cainníocht iomlán an gháis nádúrtha a sholáthraítear i mí Aibreáin a thabhairt.
- Ní féidir éilimh ar feadh cuid de mhí féilire a chur isteach. Sa chás go gcríochnaíonn tréimhse bhilleála le linn míosa féilire, ní mór don éilitheoir fanacht chun a gcéad bhille eile a fháil chun an chuid eile den ghás nádúrtha a sholáthraítear sa mhí a ríomh.
- I measc na gcuspóirí cáilitheacha tá tithe gloine a théamh ina bhfástar táirgí gairneoireachta, gal a tháirgeadh chun tithe gloine a steiriliú roimh, le linn nó tar éis an timthrialla fáis, téamh agus steiriliú cré nó meán fáis eile, agus dé-ocsaíd charbóin a tháirgeadh. Níl aon úsáidí eile a bhaintear as gás nádúrtha, amhail táirgí a thriomú agus a phacáil, i gunnaí lasrach, in innill sheasmhacha, i dtarracóirí, nó i dtithe gloine nó i bhfoirgnimh neamhcháilitheacha, incháilithe le haghaidh aisíocaíocht CCGN.
- I measc na gcuspóirí cáilitheacha tá foirgnimh téimh ina saothraítear muisiriún, ina dtáirgtear gal chun tolláin muisiriún nó foirgnimh a steiriliú roimh an timthriall fáis, lena linn nó ina dhiaidh, chun cré nó meán fáis eile a théamh agus a steiriliú, agus dé-ocsaíd charbóin a tháirgeadh. Níl aon úsáidí eile a bhaintear as gás nádúrtha, amhail táirgí a thriomú agus a phacáil, i gunnaí lasrach, in innill sheasmhacha, i dtarracóirí, nó i dtithe gloine nó i bhfoirgnimh neamhcháilitheacha, incháilithe le haghaidh aisíocaíocht CCGN.
- Sa chás go mbaineann dhá ráta CCGN éagsúla le tréimhse éilimh, ba cheart an t-éileamh a roinnt agus ba cheart foirmeacha ar leith a úsáid le haghaidh gach ráta. Tá rátaí CCGN agus dátaí éifeachtacha liostaithe thíos agus foilsithe ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ráta CCGN i bhfeidhm ón 1 Bealtaine gach bliain	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030
Ráta CCGN in aghaidh na huaire meigeavata (MWh)	€8.77	€10.13	€11.48	€12.84	€14.20	€15.56	€16.91	€18.09

- Ba chóir foirmeacha éilimh comhlánaithe, agus billí gáis nádúrtha, a scanadh agus a chur isteach trí M'Fhiosruithe. Is áis ar líne é M'Fhiosruithe, ina bhféadann custaiméirí comhfhreagras a sheoladh agus a fháil chuig nó ó na Coimisinéirí Ioncaim ar bhealach slán. Is féidir tuilleadh eolais ar M'Fhiosruithe a fheiceáil ag <https://www.revenue.ie/ga/online-services/services/manage-your-record/myenquiries.aspx>.
- Más duine aonair an t-éilitheoir, ní mór dó / di an fhoirm a shíniú. Sa chás gur comhlacht corpraithe an t-éilitheoir, ní mór é a bheith sínithe ag stiúrthóir, ag rúnaí na cuideachta nó ag duine atá údaraithe i scríbhinn faoi shéala na cuideachta chun an t-éileamh a shíniú.
- Ní mór gach taifead a bhaineann leis an éileamh seo a choinneáil ar feadh sé bliana. Áirítear leis seo billí agus ráitis le haghaidh soláthairtí gáis nádúrtha, agus doiciméid maidir le húsáidí cáilitheacha. Is féidir taifid a choinneáil i bhfoirm leictreonach, ar an gcoinníoll go bhféadtar iad a chur ar fáil i bhfoirm phriontáilte nuair a iarrtar iad.
- Tá eolas mionsonraithe ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachtas** ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcrúachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.